# TREORACHA CHUN EIPEALÁR CRITH TALÚN IN ÉIRINN A AIMSIÚ

**Cuspóir:**
Chun eipealár crith talún in Éirinn a aimsiú ag úsáid na sonraí ar ghluaiseachtaí seismeacha taifeadta ó stáisiúin seismeaméadar Raspberry Shake in Éirinn. Is seismeaméadair bheaga iad seo a thaifeadann gluaiseacht talún agus a úsáidtear chun comharthaí mar chrith talún a phiocadh suas.

**Ábhar a theastaíonn:**

- Bileog oibre dar teideal 'Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023' – seo na sonraí ar ghluaiseachtaí seismeach ó thrí stáisiún seismeaméadar Raspberry Shake in Éirinn (R0FF0, RBE6A, RF7A3)
- Bileog oibre leis an léarscáil d'Éirinn agus stáisiúin Raspberry Shake (R0FF0, RBE6A, RF7A3) léiríthe air.
- Bileog oibre dar teideal 'Tábla Oibreacha'
- Peann luaidhe nó peann
- Rialóir
- Compás
- Áireamhán

**Céimeanna le leanacht:**
***Céim 1:*** Féach ar an mbileog dar teideal 'Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023'. Taispeánann sé seo tonnta seismeacha de chrith talún a taifeadadh ag trí stáisiún éagsúla Raspberry Shake in Éirinn.

***Céim 2:*** Roghnaigh an áit ag a gceapann tú a dtosaíonn an P-thonn ar stáisiún R0FF0 (áit a dtosaíonn tú ag feiceáil athrú in amlíne), le do rialóir tarraing líne síos ón bpointe seo. Scríobh síos an t-am seo i soicindí go dtí an pointe deachúla is gaire sa 'tábla oibre' a chuirtear ar fáil. Ansin, roghnaigh an áit a gceapann tú a dtosaíonn tú ag feiceáil an S-thonn, scríobh an t-am seo i soicindí go dtí an pointe deachúla is gaire sa 'tábla oibre' a chuirtear ar fáil.

***Céim 3:*** Sa tábla oibre, bain an t-am do na P-thonnta agus na S-thonnta óna chéile (S-P) chun an difríocht ama i soicindí a fháil.

***Céim 4:*** Sa tábla oibre, iolraigh an t-am seo faoi 8 (is fachtóir iolraithe é seo a thagann ó meán-luasanna P agus S-thonn d'Éirinn). Ansin roinn an uimhir seo faoi 33 (is é seo an fachtóir scála den léarscáil mar 1cm=33km). Tugann sé seo duit an fad ón stáisiún go dtí an crith talún i cm ar an léarscáil.

***Céim 5:*** Ag úsáid rialóir agus compás cuir an pointe biorach ag 0cm agus oscail é go dtí an fad atá agat ó Chéim 4 thuas feadh fad an rialóra.

***Céim 6:*** Ardaigh do chompás go réidh ón rialóir agus tabhair é go dtí an léarscáil. Aimsigh stáisiún R0FF0. Cuir pointe do chompáis ar an gciorcal bán taobh istigh den íomhá de shú craobh agus tarraing ciorcal ón bpointe seo.

***Céim 7:*** Déan céimeanna 5 agus 6 arís do Stáisiúin RBE6A agus RF7A3.

DIAS Instituúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies
insn Irish National Seismic Network
Geological Survey Suirbhéireacht Gheolaíochta Ireland | Éireann
sfi Fondúireacht Eolaíochta Éireann Dá bhfuil romhainn Science Foundation Ireland For what's next

# TÁBLA OIBRE

| Stáisiún | P-Thonn (i soicindí) | S-Thonn (i soicindí) | Difríocht san am (S-P) | Iolraigh X8 | Fad ón gCrith Talún go Staisiún ( i km) | Roinn ar 33 (÷ 33) | Fad ar léarscáil [cm] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R0FF0 | | | | X8 | | ÷ 33 | |
| RBE6A | | | | X8 | | ÷ 33 | |
| RF7A3 | | | | X8 | | ÷ 33 | |

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies
insn Irish National Seismic Network
Geological Survey Suirbhéireacht Gheolaíochta Ireland | Éireann
Fondúireacht Eolaíochta Éireann Dá bhfuil romhainn
Science Foundation Ireland For what's next

QUAKE SHAKE

## TREORACHA CHUN EIPEALÁR CRITH TALÚN IN ÉIRINN A AIMSIÚ

Nuair atá na 3 chiorcal tarraingthe, ba cheart go mbeidh tú abalta áit a fheiceáil a bhfuil na 3 chiorcal beagnach ag bualadh a cheile. Go garbh, seo an áit ina bhféadfadh eipealár na creatha talún a bheith.

Má tá an ceacht críochnaithe is feidir leat tosú ag smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

*1. Cén contae ina bhfuil na ciorcail ag trasnú a chéile??*

*2. Cen fáth nach mbeadh gach ciorcal ag trasnú a chéile ag pointe éigin?*

*3. Cé mhéad stáisiún atá ag teastáil chun an crith talún a aimsiú go cruinn??*


*4. Cé chomh cruinn a bhí na roghanna a rinne tú agus tú ag roghnú na tonnta P agus S?*


*5. An bhfuil na carraigeacha in Éirinn go léir den comhdhéanamh céanna?*

*6. An pointe iad creatheanna talún?*

DIAS Instituiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies
insn Irish National Seismic Network
Geological Survey Suirbhéireacht Gheolaíochta Ireland | Éireann
sfi Fondúireacht Eolaíochta Éireann Dá bhfuil romhainn
Science Foundation Ireland For what's next

## Crith Talún Éireannach 06-Bealtaine-2023




−10°
−8°
−6°
−4°
56°
54°
52°
50°
QUAKE
SHAKE
R0FF0
RBE6A
RF7A3
Scála 1:3,300,000
km
0
100
1cm = 33km
DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies
insn
Irish National Seismic Network
Geological Survey
Suirbhéireacht Gheolaíochta
Ireland | Éireann
Science Foundation Ireland
sfi
For what's next